# Toghchán 2024: Forógra

## Réamhrá

Ní shroicheann maoiniú do na healaíona meánmhéid an AE, cé gur méadaíodh ar infheistíocht an Rialtais le blianta beaga anuas. Bronnadh €140 milliún ar an gComhairle Ealaíon i mBuiséad 2025 agus, cé gurb é sin an méid is airde go dtí seo, tá an t-éileamh chomh mór go bhfuil an leibhéal riachtanas nach gcomhlíontar níos mó ná riamh.

Déanann an Chomhairle Ealaíon infheistíochtin ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, agus díríonn sí ar thosaíochtaí straitéiseacha ar nós daoine óga, áiteanna agus spásanna, agus comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht (CÉI). Is í gníomhaireacht forbartha na n-ealaíon í, a dhéanann infheistíocht i réimsí ina bhfuil beartas agus bonneagar in easnamh, mar shampla trí Chompántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann, DanceHouse agus Luail – Compántas Náisiúnta Damhsa na hÉireann a chur ar bun. Tá sí ag obair faoi láthair ar an gCampas Ealaíontóirí, saoráid agus spás oibre suaitheanta atá molta ag Calafort Bhaile Átha Cliath.

Tá an Rialtas tar éis infheistiú go díreach tríd an scéim phíolótach um Ioncam Bunúsach, Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon agus tionscadail chaipitil.

Feictear an brú ar an mbuiséad maidir leis an éileamh ar mhaoiniú agus leis an easpa saoráidí in earnáil na n-ealaíon araon.

Gan infheistíocht dhírithe bhreise i maoiniú leanúnach agus i dtacaíochtaí caipitil araon, caillfear deiseanna luachmhara d’ealaíontóirí agus don lucht féachana ar fud na tíre.

## Príomhphointí fócais i dtaca leis na healaíona sa 34ú Dáil Éireann

1. **Maoiniú le haghaidh na n-ealaíon**
2. **Bonneagar agus pleanáil na n-ealaíon**
3. **Cothroime rochtana**
4. **Daoine óga agus leanaí**

## 1. Maoiniú le haghaidh na n-ealaíon

D’fhéadfaí cur síos ar na saolta deireanacha – na blianta tar éis COVID – mar bhlianta téarnaimh in earnáil na n-ealaíon. Cinntíodh le méadú ar infheistíocht an Rialtais gur tacaíodh leis an earnáil le linn COVID faoi Chlár an Rialtais, a bhí ann cheana, ach tá an tréimhse téarnaimh fós ar siúl.

Tá méadú mór tagtha ar an éileamh ar mhaoiniú na Comhairle Ealaíon, rud a léiríonn an méid gníomhaíochta atá san earnáil. Mar sin féin, is é an toradh air sin ná an t-easnamh is mó riamh maidir le comhlíonadh na n-iarratas a fuarthas. Dá bharr sin, tá go leor eagraíochtaí agus tionscadal ealaíon ag fáil ‘maoiniú gan ardú’; arb ionann é sin agus laghdú ar a maoiniú, déanta na fírinne eacnamaíche.

- **An t-éileamh is mó riamh** ar thacaíochtaí ón gComhairle Ealaíon
  Méadú 245% ar an éileamh ar thacaíocht mhaoinithe idir 2019 agus 2023;

- **An t-easnamh is mó** riamh ar chomhlíonadh na n-iarratas a fuarthas
  Níor comhlíonadh ach 51% d’iarratais ar mhaoiniú in 2023, i gcomparáid le 60% in 2019;

- **Costais ag ardú** d’ealaíontóirí agus d’eagraíochtaí ealaíon
  Boilsciú ard agus costais maireachtála arda, costais tuarastail ag méadú, agus leibhéil arda bhochtaineachta i measc ealaíontóirí

Léiríonn taighde bhliantúil ar lucht féachana/éisteachta na Comhairle Ealaíon nach bhfuil lucht féachana/éisteachta na n-ealaíon ar na leibhéil chéanna is a bhí roimh COVID, gur athraigh nósanna na ndaoine agus go bhfuil sé deacair do lucht féachana/éisteachta níos óige ceangal a dhéanamh leis na healaíona. Tá costais ag méadú d’eagraíochtaí ealaíon mar gheall ar an mboilsciú ard, agus táthar ag súil le méadaithe breise ar an gcaiteachas, amhail rollú uathoibríoch.

Ní mór dul i ngleic leis na deacrachtaí seo le hearnáil rathúil a chinntiú. Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn athbhreithniú, athnuachan agus athdhíriú a dhéanamh chun bogadh amach as an gcéim téarnaimh agus isteach i dtréimhse lán tacaíochta agus faoi bhláth.

***Infheistíocht an rialtais***

Faoi láthair cuireann an Chomhairle Ealaíon maoiniú ar fáil trí scéimeanna deontais do 409 eagraíocht, ar a laghad ionad ealaíon amháin i ngach contae san áireamh, agus do 1,911 duine aonair agus 170 féile.

Tugann an Chomhairle Ealaíon maoiniú do chláir amhail Aosdána, a chuireann deontas bliantúil ar fáil dóibh siúd atá incháilithe i measc na 250 ealaíontóir tofa; Scoileanna Ildánacha i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais, clár atá i ngach ceathrú scoil sa tír faoi láthair; Áiteanna Ildánacha, atá le fáil in 19 n-údarás áitiúil ar fud na tíre; agus Oíche Chultúir a mheallann isteach 1.2 milliún rannpháirtí ar fud na tíre.

Ina theannta sin, téann an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla maidir le forbairt agus maoiniú na n-ealaíon ina gceantair féin. Tá an Chomhairle Ealaíon ag cur €3.1m ar fáil d'údaráis áitiúla chun na críche sin in 2024. Chomh maith lenár gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla, bíonn comhpháirtíochtaí againn le roinnt comhlachtaí chun na healaíona a fhorbairt laistigh dá bpobail féin. Áirítear leis na comhpháirtithe sin TG4, Ealaín na Gaeltachta, Cultúr Éireann agus roinnt ollscoileanna, agus cuirtear maoiniú ar fáil le haghaidh oifigeach ealaíon laistigh de Pavee Point. Tá sé i gceist ag an gComhairle Ealaíon ról comheagair a imirt i Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon, scéim trasrialtais, mar chuid den fhorbairt ar ealaín don phobal. Forbraíonn an Chomhairle Ealaíon saineolas agus cumas in eagraíochtaí ealaíon trína cuid acmhainní oiliúna agus forbartha a chuimsíonn téamaí ar nós na haeráide, tiomsaithe airgid, uirlisí mapála lucht féachana agus léargais an lucht féachana.

Maidir le gach dámhachtain d'ealaíontóirí, reáchtálann an Chomhairle Ealaíon próiseas cinnteoireachta idir piaraí, rud a chuireann cur chuige ar fáil atá dírithe ar ealaíontóirí, ar thrédhearcacht agus ar sheasmhacht. Is é a clár taighde agus forbartha beartais a chuireann lena ról formhaoirseachta ar leith. Mar sin, agus an Rialtas ag méadú a infheistíochta, is féidir leis brath ar ghrúpa fostaithe sa tseirbhís phoiblí, a bhfuil taithí agus saineolas acu, chun a chinntiú go bhforbraítear na healaíona ar bhealach cuí.

Lena buiséad reatha ní féidir leis an gComhairle Ealaíon coinneáil suas le fás an bhoilscithe ná forbairt inbhuanaithe a chur ar fáil don earnáil. Cé go mbronnfar ar an gComhairle Ealaíon €140m maoinithe in 2025, an méid is mó riamh, mar gheall ar fhás an bhoilscithe theastódh maoiniú €153.2m*a bheith ann chun leibhéil 2021 a shásamh.

I gcomhthéacs na ndúshlán agus an éilimh thuasluaite, tá sé soiléir go bhfuil gá le níos mó infheistíochta agus slándála chun bonneagar eagraíochtúil na n-ealaíon a fhorbairt ar bhealach níos fearr, bonneagar lena dtacófar le healaíontóirí agus iad ag cruthú ealaíon agus le lucht féachana agus iad ag glacadh páirt iontu agus ag baint leas astu. Chuirfeadh sin béim ar an gcáil atá againn mar thír a thacaíonn leis na healaíona agus a healaíontóirí agus tír ina bhfuil meas orthu.

***Comparáid leis an AE***
Cé gur méadaíodh go suntasach ar infheistíocht an Rialtais le blianta beaga anuas, i gcomparáid le tíortha eile an AE, tá fós gá le forbairt.

B'ionann caiteachas ginearálta an Rialtais ar sheirbhísí cultúrtha agus 0.2% an OTI in 2022 (tag. Eurostat), faoi bhun mheánmhéid AE de 0.5% an OTI agus go mór faoi bhun na dtíortha a bhfuil an caiteachas is airde acu, an Eastóin, an Ungáir, an Laitvia agus Málta.

***Luach saothair don ealaíontóir***
In 2020 seoladhan beartas Luach Saothair don Ealaíontóir de chuid na Comhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom d'ealaíontóirí. Is é is aidhm leis an mBeartas ná timpeallacht a bhaint amach inar féidir le healaíontóirí saothar ardaidhmeannach agus ar ardchaighdeán a dhéanamh agus luach cuí a saothair a fháil. Ag an am céanna cuireann an beartas seo le hobair reatha maidir le dínit agus meas san áit oibre agus le Beartas na Comhairle Ealaíon maidir le Comhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht.

I dtaca leis an scéim phíolótach *Ioncam Bunúsach do na hEalaíona*, is údar misnigh iad torthaí tosaigh an taighde. Cé nach féidir linn torthaí an taighde amach anseo a thuar ag an gcéim seo, tacaíonn an Chomhairle Ealaíon go mór le hinfheistíocht leanúnach agus tiomantas do ghairm bheatha inmharthana a dhéanamh sna healaíona dóibh siúd a bhfuil uaillmhian agus tiomantas acu, beag beann ar a gcúlra sóisialta nó déimeagrafach.

Táimid ag súil go gcumasóidh agus spreagfaidh an scéim fiontraíocht, go n-éascóidh sí rioscaí cruthaitheachta agus trialacha, rud a ligfidh d'ealaíontóirí a gcuid scileanna a fhorbairt agus a chothú agus, dá bharr sin, a chuirfidh barr feabhais ar chaighdeán na healaíne agus rannpháirtíocht an phobail. Samhlaíonn muid go mbeidh níos mó féinmhuiníne agus sástachta gairme ag rannpháirtithe na scéime seo. Samhlaíonn muid freisin go laghdófar an strus a mhothaíonn siad agus go gcuirfear feabhas ar a meabhairshláinte agus a bhfolláine.

## 1. Ag Cur Maoiniú ar Fáil do Ghníomhartha Ealaíon

- **Tacaíocht mhaoinithe don Chomhairle Ealaíon a mhéadú, de réir meánmhéideanna AE.**
- **Gealltanas a thabhairt maidir le maoiniú ilbhliantúil don Chomhairle Ealaíon le slándáil agus seasmhacht a chinntiú in earnáil na n-ealaíon.**
- **Gealltanas go leanfar leis an scéim Ioncam Bunúsach do na hEalaíona i ndiaidh dheireadh a céime píolótaí.**

## 2. Bonneagar agus pleanáil na n-ealaíon

*Bonneagar Ealaíon*

Is é ceann d'aidhmeanna Bheartas Spásúlachta na Comhairle Ealaíon, *Áit, Spás agus Daoine* ná cothromas sochspásúil níos fearr a chur chun cinn maidir le rochtain ar na healaíona agus a soláthar ar fud na hÉireann, soláthar bonneagair chuí le haghaidh ealaíontóirí agus lucht féachana san áireamh. Déanta na fírinne, tá easpa ghéar stiúideonna agus spásanna oibre ar fáil sa bhonneagar ealaíon d'ealaíontóirí lena gcuid saothar a chruthú.

Cé gur tógadh nó forbraíodh líonra d'ionaid ealaíon phoiblí ar fud na hÉireann sna 1990idí agus 2000idí, is beag infheistíocht chaipitil straitéiseach a rinneadh i saoráidí do chruthú agus léiriú na n-ealaíon. Amhail infheistíocht chaipitil sa spórt, teastaíonn saoráidí speisialaithe ó ealaíontóirí agus ón lucht cruthaitheach inar féidir leo a gcuid saothar a dhéanamh. Ní mór d'Éirinn infheistiú anois i líonra náisiúnta mol cruthaitheach ina n-oibreodh ealaíontóirí agus ina rachaidís i dteagmháil lena gcathair agus lena bpobal áitiúil. Imreoidh an infheistíocht tionchar ar athnuachan ár bpobal agus ár gcathracha de réir na gcuspóirí a leagtar amach i dTionscadal Éireann 2040. Is fadhb ghéarchúiseach é sin agus teastaíonn idirghabháil straitéiseach agus infheistíocht chaipitil lena réiteach.

Tá bonneagar ealaíon straitéiseach forbartha ag an gComhairle Ealaíon go náisiúnta, ar nós Chompántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann agus Luail, compántas náisiúnta an damhsa a seoladh i mbliana. Cé go ndearna an Chomhairle Ealaíon infheistíocht shuntasach sna eagraíochtaí sin, níl sí in ann tacaíocht chaipitil a chur ar fáil dóibh le haghaidh a saoráidí nó 'baile', toisc nach bhfuil ról maoinithe caipitil aici.

Is é sampla amháin de mhéadú na Comhairle Ealaíon ar a ról réamhghníomhach in infheistíocht chaipitil ná a hobair reatha le Calafort Bhaile Átha Cliath ar athfhorbairt shuíomh an Mhuilinn Plúir stairiúil agus thréigthe i gCalafort Bhaile Átha Cliath chun Campas Ealaíontóirí ar leith a chruthú, a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leis. An tionscadal infheistíochta ealaíona is uaillmhianaí in Éirinn leis na blianta beaga anuas is ea é, agus d'fhéadfadh sé cur le tuiscint ar ealaíontóirí a bhíonn ag obair i sochaí na hÉireann, feabhas a chur ar thuairimí an phobail fúthu agus ról na n-ealaíontóirí agus ealaíon na hÉireann a chur chun cinn i measc lucht féachana agus éisteachta go náisiúnta agus ar fud an domhain. Tá an Réamhchás Gnó faoi Threoirlínte an Rialtais um Infheistíocht á athbhreithniú ag an Rialtas faoi láthair.

Glactar leis an tionscadal seo mar thionscadal suaitheanta agus samplach a spreagfaidh pobail áitiúla eile, go háirithe sna cúig chathair, leibhéal a n-uaillmhianta a ardú i dtreo bonneagar ealaíon a thógáil ina gcathracha féin de réir Thionscadal Éireann 2040.

Féachann an Chomhairle Ealaíon le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le plean faoi bhonneagar ealaíon d'Éirinn.

***Caighdeán agus Pleanáil Ailtireachta***

Tá suim mhór ag an gComhairle Ealaíon in aon fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar dearfach nó diúltach a imirt ar na healaíona agus cultúr, an ailtireacht chomhaimseartha san áireamh, mar a leagtar amach i mBeartas Ailtireachta na Comhairle Ealaíon, *Ailtireacht a Chur Chun Cinn*.

Is comhlacht forordaithe í an Chomhairle Ealaíon chun críche pleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú). Tá sé leagtha amach againn i roinnt dár mbeartais, an *Beartas Spásúlachta* agus an *Beartas Ailtireachta* san áireamh, gur mian linn ár n-acmhainneacht a uasmhéadú mar chomhlacht forordaithe chun tionchar a imirt ar chruthú agus ar chothabháil áiteanna agus spásanna ealaíon araon, agus ar chultúr na hailtireachta comhaimseartha ar fud na hÉireann.

Le cinntiú go mbeidh tionchar dearfach ag aon fhorbairt ar réimse na n-ealaíon agus an chultúir, ní mór dul i gcomhairle leis an gComhairle Ealaíon i dtaca le pleananna forbartha náisiúnta agus áitiúla. Tá sé riachtanach an ról sin a neartú ionas go dtapófar le deiseanna cur chuige ealaíona-do-chách a fhorbairt, agus is féidir é sin a dhéanamh trí níos mó soiléireachta a chur i reachtaíocht phleanála leasaithe.

## 2. Gníomhartha Pleanála agus Bonneagair na nEalaíon

- **Dul i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon le straitéis náisiúnta a fhorbairt maidir le bonneagar na n-ealaíon.**
- **Maoiniú suntasach a chur ar fáil do Champas Ealaíontóirí Chalafort Bhaile Átha Cliath.**
- **Moil chruthaitheacha a fhorbairt d'ealaíontóirí laistigh de na cúig chathair chun nasc a dhéanamh le Campas Ealaíontóirí Chalafort Bhaile Átha Cliath, de réir chuspóirí Thionscadal Éireann 2040.**
- **Ról na Comhairle Ealaíon faoi reachtaíocht phleanála agus forbartha a neartú.**
- **Cur leis na 5% d'úsáid phobail/chultúrtha atá i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath chun pleananna forbartha ó chathracha eile a chur san áireamh.**

## 3. Cothroime Rochtana

Aidhm na Comhairle Ealaíon, via an *Plean Forfheidhmithe Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta 2023–2028* ná an dea-chleachtas reatha a chur chun cinn agus cur leis na réimsí atá le feabhsú, lena chinntiú go mbíonn rochtain ag cách ar na healaíona in Éirinn.

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chinntiú go bhfuil cothromas ann ar fud a cuid oibre, agus í ag déanamh a dícheall lena chinntiú go bhfuil rochtain chothrom ag gach ealaíontóir ar dheiseanna beag beann ar eitneacht agus go bhfuil an deis ag gach duine a chónaíonn in Éirinn páirt a ghlacadh sna healaíona mar bhuncheart daonna. Tá sé bunaithe ar a Dualgas don Earnáil Phoiblí, chomh maith le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a thugann an ceart do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh ar bhonn comhionann le daoine eile sa saol cultúrtha, le rochtain neamhshrianta ar threalamh, gníomhaíochtaí agus spásanna cultúrtha. Chomh maith leis sin, tugann sé an ceart do dhaoine faoi mhíchumas a gcumas cruthaitheach, ealaíonta agus intleachtúil a fhorbairt agus a úsáid, ní chun tairbhe a bhaint as iad féin amháin, ach chun feabhas a chur ar an tsochaí.

Thug sonraí iarratais bliantúla na Comhairle Ealaíon chun solais na difríochtaí sna rátaí ratha i measc grúpaí éagsúla eitneacha, agus léiríodh iontu gurb iad fir dhubha an grúpa iarratasóirí is mó nach raibh rath orthu. Fuair na taighdeoirí amach, a coimisiúnaíodh le tuiscint a fháil air seo, gur minic a bhíonn na healaíontóirí ag brath ar líonraí níos lú le haghaidh eolais, agus go n-airíonn siad go bhfuil siad lasmuigh de líonraí móra ó thaobh na sochaí de. Moltar i dtorthaí an taighde go dtugtar níos mó tacaíochta agus eolais don ghrúpa seo.

Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis na costais rochtana a mhéadú d'ealaíontóirí chun tacú leo tabhairt faoina gcuid oibre, ag bronnadh €545k de chostais rochtana iarrtha go dtí seo in 2024, arb ionann é agus beagnach a dhá oiread na gcostas bronnta in 2023. Tháinig méadú 85% ar an maoiniú deontais d'ealaíontóirí faoi mhíchumas ó 2020 go 2022. Le déanaí, rinneamar comóradh deich mbliana ó bunaíodh scéim cheangal na n-ealaíon agus an mhíchumais arna bainistiú ag Arts & Disability Ireland ar ár son. Faoin scéim sin bronnadh €597,686 ar 128 ealaíontóir via 168 dámhachtain.

***Rochtain ar ionaid tionóil***

Chuir an Chomhairle Ealaíon tús le hobair ar phríomhthionscadal, a moladh faoin Straitéis Náisiúnta nua maidir le hIonchuimsitheacht Daoine faoi Mhíchumas, darb ainm *All In* atá faoi stiúir daoine faoi mhíchumas. Rachaidh an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Ealaíon ar fud na Ríochta Aontaithe agus iad i mbun fhorbairt na scéime rochtana don lucht féachana seo, a deir grúpaí faoi mhíchumas go n-athrófar cúrsaí rochtana ó bhonn dá barr. Cuirfear Éire, agus ionaid ealaíon na hÉireann, i gcroílár na scéime a léireoidh an cheannaireacht go hidirnáisiúnta. Cuireann an scéim seo córas lárnach ar fáil, inar féidir le baill fhéideartha den lucht féachana a gcuid riachtanas a

chlárú. Cuirtear na hionaid tionóil a ghlacann páirt sa scéim ar an eolas maidir leis an riachtanas cuí nuair a chláraíonn ball den lucht féachana go díreach leo. Chun mianta na scéime seo a bhaint amach go hiomlán agus a chinntiú go bhfuil rochtain iomlán ann, beidh ar ionaid tionóil roinnt uasghráduithe a dhéanamh.

***Rochtain ar mhaoiniú***

Faoi láthair,tá baol ann d'ealaíontóirí faoi mhíchumas atá ag fáil leas sóisialach go gcaillfidh siad na buntáistí má chuireann siad isteach ar, agus má fhaigheann siad maoiniú, ón gComhairle Ealaíon nó ó sholáthróirí deontais eile. Tá tionchar aige seo ar chearta na n-ealaíontóirí faoi mhíchumas a theorannú le gairmeacha proifisiúnta sna healaíona a bheith acu.

Baineann ceisteanna casta, teicniúla agus ilghnéitheacha le deireadh a chur le tacaíochtaí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí (DSP) nó iad a laghdú nuair a fhaightear maoiniú deontais. I measc na gceisteanna sin: laghdaítear tacaíochta leasa shóisialaigh d'ealaíontóirí faoi mhíchumas má ghlacann siad le deontas na Comhairle Ealaíon mar thoradh ar thástáil acmhainne, easpa eolais shoiléir, agus cur i bhfeidhm gan bhunús na rialacha seo, de réir dealraimh agus laghdú ar líon na ealaíontóirí faoi mhíchumas a chuireann isteach ar dheontais ealaíon dá bharr sin.

Dá bharr sin uilig, laghdaítear nó cuirtear srian ar chearta na n-ealaíontóirí faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa léiriú cultúrtha agus sa rannpháirtíocht féin. Anuas air sin, cuireann sé cumas na Comhairle Ealaíon i mbaol, maidir le tacaíocht fhiúntach a thabhairt d'ealaíontóirí faoi mhíchumas ar an mbonn céanna is a thugtar tacaíocht d'ealaíontóirí nach bhfuil faoi mhíchumas. Mar gheall air sin, baintear ó chumas na Comhairle cloí le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, agus cuirtear bac orainn tacú le cearta gach úsáideora seirbhíse, beag beann ar na tréithe atá acu.

## 3. Gníomhartha Cothroime Rochtana

- **Ciste caipitil a chur ar bun chun tacú le feabhas a chur ar ionaid tionóil agus iad a oiriúnú maidir le raon ceanglas rochtana agus Dearaidh Uilíoch chun ceart rochtana a chinntiú.**

- **Comhoibriú leis an gComhairle Ealaíon chun beartas soiléir a fhorbairt agus a chur chun feidhme le cinntiú go gcosnaítear cearta ealaíontóirí faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar mhaoiniú.**

- **An Chomhairle Ealaíon a mhaoiniú chun tacú le hionchuimsitheacht do chách sna healaíona.**

## 4. Daoine óga agus leanaí

Ag glacadh cur chuige dírithe ar chearta, bunaithe ar *Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste*, déanann an Chomhairle Ealaíon iarracht a chinntiú go dtacaítear le ceart gach leanbh agus duine óig a bheith rannpháirteach gan srian sna healaíona, iad féin a chur in iúl trí na healaíona, agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le forbairt na n-ealaíon. Tá na cearta seo fite fuaite le réimse ceart eile, a gcaithfear meas a léiriú orthu agus a chaithfear a chomhlíonadh chun go mbeidh saolta sona sláintiúla ag leanaí agus daoine óga.

I bpolasaí na Comhairle Ealaíon *Ag fás leis na healaíona*, a foilsíodh in 2023 agus atá bunaithe ar chomhairliúchán le daoine óga, tugtar cur chuige ceannaireachta maidir lena chinntiú gur féidir le leanaí agus daoine óga de gach aois agus cúlra ar fud na hÉireann gach saghas ealaíon a chruthú, a roinnt agus taitneamh a bhaint aisti, agus tionchar a bheith acu ar fhorbairt na n-ealaíon. Thar shaolré straitéis eagraíochtúil na Comhairle Ealaíon *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh 2016 -2025*, infheistíodh €5m eile i ndaoine óga. €8.1m is ea an tsuim iomlán a infheistíodh in 2023.

Tá rochtain ar agus rannpháirtíocht sna healaíona mar chuid lárnach den óige. Léirítear sa taighde go gcuireann na healaíona feabhas ar gach gné de shaol an linbh, lena n-áirítear gnóthachtáil san oideachas agus folláine phearsanta. Cothaíonn na healaíona spás sábháilte, fáilteach do leanaí agus do dhaoine óga, ina mothaíonn siad sásta, muiníneach agus go bhfuil fáilte rompu ann, ina rogha acu agus smacht ar a gcinntí féin, ina mbíonn siad cruthaitheach agus iad ag forbairt a gcuid smaointe, spéiseanna agus scileanna, agus ina spreagtar agus cuirtear iontas orthu mar gheall ar na heispéiris agus féidearthachtaí nua.

***Comhpháirtíocht***

Oibríonn an Chomhairle Ealaíon leis an rialtas ionas go mbeidh torthaí níos fearr ann do leanaí agus daoine óga le *Éire Óg: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga (2023 – 2028).* Táimid ag obair leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán lenár dtacaíocht ghníomhach a bhunú don *National Programme on Child Poverty and Wellbeing* inár bpleananna don todhchaí. Is páirtí an Rialtais í an Chomhairle Ealaíon chomh maith, chun an *Plean Óige Ildánaí 2023-2027* a chur i gcrích chomh maith, agus leanfaimid de bheith ag obair leis an rialtas áitiúil agus leis an mbonneagar ealaíon áitiúil, agus leanfaimid de bheith ag tacú le comhpháirtíochtaí i réimsí na n-ealaíon luathóige, an oideachais agus ealaíona na n-óg.

Tá tosaíocht chomhroinnte againn lenár gComhpháirtíocht leis an Rialtas Áitiúil (*Creat don Chomhoibriú 2016 go 2025*) chun infheistiú i gcearta na leanaí agus na ndaoine óga páirt a ghlacadh sna healaíona. In 2023, le cabhair na tacaíochta airgeadais, chuir gach údarás áitiúil clár áitiúil ealaíon na n-óg ar fáil, a d'fhreastail ar leanaí a raibh bacainní rochtana ealaíon rompu den chuid is mó.

***Na hEalaíona san Oideachas***

Tá clár Scoileanna Ildánacha i scoil amháin as gach ceithre scoil sa tír anois agus i scoil amháin as gach trí scoil speisialta. Bunaíodh mar chlár píolótach in 2018 é i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus, ag na leibhéil mhaoinithe reatha, faoin mbliain 2027, beidh scoil amháin as gach dhá scoil páirteach sa chlár Scoileanna Ildánacha. Léiríodh i measúnú neamhspleách ar Scoileanna Ildánacha go raibh tionchar mór aige ar na scoileanna a ghlac páirt ann.

Cuireann an Chomhairle Ealaíon comhairle ar pháirtithe oideachais eile maidir le háit na n-ealaíon san oideachas agus molann sí cur leis an soláthar i ngach céim den oideachas. Áirítear leis seo obair leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus measúnú ar fhorbairt na gcuraclam ealaíon ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Chomh maith leis sin, tacaímid le tograí oideachais san ealaíon amhail Scríbhneoirí ar Scoil agus Ailtirí ar Scoil, ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí amhail Éigse Éireann agus Foras Ailtireachta na hÉireann.

## 4. Gníomhartha na nDaoine óga agus Leanaí

- **Leanúint le Scoileanna Ildánacha a fhorbairt ionas go mbeidh gach scoil in Éirinn san áireamh faoi 2027 agus le cinntiú go gcomhlíonfar ceart gach linbh ar theagasc agus rannpháirtíocht san ealaín, sa cheol agus sa drámaíocht.**

- **An Chomhairle Ealaíon a mhaoiniú chun tacú le healaíontóirí agus eagraíochtaí a léiríonn saothair do leanaí agus do dhaoine óga, chomh maith le saothar a dhéanann leanaí agus daoine óga agus cinn a dhéantar i gcomhpháirtíocht leo chun cur leis na deiseanna a sholáthraíonn siad le saothar uaillmhianach a chruthú.**

**Príomhréimsí gnímh do na healaíona sa 34ú Dáil Éireann**

## 1. Ag Cur Maoiniú ar Fáil do Ghníomhartha Ealaíon

- **Tacaíocht mhaoinithe don Chomhairle Ealaíon a mhéadú, de réir meánmhéideanna AE.**
- **Gealltanas a thabhairt maidir le maoiniú ilbhliantúil don Chomhairle Ealaíon le slándáil agus seasmhacht a chinntiú in earnáil na n-ealaíon.**
- **Gealltanas go leanfar leis an scéim Ioncam Bunúsach do na hEalaíona i ndiaidh dheireadh a céime píolótaí.**

## 2. Gníomhartha Pleanála agus Bonneagair na nEalaíon

- **Dul i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon le straitéis náisiúnta a fhorbairt maidir le bonneagar na n-ealaíon.**
- **Maoiniú suntasach a chur ar fáil do Champas Ealaíontóirí Chalafort Bhaile Átha Cliath.**
- **Moil chruthaitheacha a fhorbairt d’ealaíontóirí laistigh de na cúig chathair chun nasc a dhéanamh le Campas Ealaíontóirí Chalafort Bhaile Átha Cliath, de réir chuspóirí Thionscadal Éireann 2040.**
- **Ról na Comhairle Ealaíon faoi reachtaíocht phleanála agus forbartha a neartú.**

- **Cur leis na 5% d'úsáid phobail/chultúrtha atá i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath chun pleananna forbartha ó chathracha eile a chur san áireamh.**

## 3. Gníomhartha Cothroime Rochtana

- **Ciste caipitil a chur ar bun chun tacú le feabhas a chur ar ionaid tionóil agus iad a oiriúnú maidir le raon ceanglas rochtana agus Dearaidh Uilíoch chun ceart rochtana a chinntiú.**
- **Comhoibriú leis an gComhairle Ealaíon chun polasaí soiléir a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm, chun a chinntiú go dtacaítear le cearta na n-ealaíontóirí faoi mhíchumas.**
- **An Chomhairle Ealaíon a mhaoiniú chun tacú le hionchuimsitheacht do chách sna healaíona.**

## 4. Gníomhartha na nDaoine óga agus Leanaí

- **Leanúint le Scoileanna Ildánacha a fhorbairt ionas go mbeidh gach scoil in Éirinn san áireamh faoi 2027 agus le cinntiú go gcomhlíonfar ceart gach linbh ar theagasc agus rannpháirtíocht san ealaín, sa cheol agus sa drámaíocht.**

- **An Chomhairle Ealaíon a mhaoiniú chun tacú le healaíontóirí agus eagraíochtaí a léiríonn saothair do leanaí agus do dhaoine óga, chomh maith le saothar a dhéanann leanaí agus daoine óga agus cinn a dhéantar i gcomhpháirtíocht leo chun cur leis na deiseanna a sholáthraíonn siad le saothar uaillmhianach a chruthú.**